

DÉAN TAGAIRT LE DO THOIL DON SEICLIOSTA TIONLACAIN MAR CHABHAIR I GCOMHLÁNÚ AN CHONARTHA SEO CHOMH MAITH LEIS AN NÓTA TREORACH MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA FOSTAÍOCHTA GINEÁRALTA

CONRADH FOSTAÍOCHTA AIRÍOCH SCOILE~ CUSPÓIR SONRAITHE

TÁ AN CONRADH SEO arna dhéanamh ar an ú lá de [IONSÁIGH DÁTA] 20 [IONSÁIGH BLIAIN]

IDIR

BORD BAINISTÍOCHTA [IONSÁIGH AINM NA SCOILE] as [IONSÁIGH SEOLADH NA SCOILE AGUS UIMHIR ROLLA] (an “Fostóir”)

AGUS

[IONSÁIGH AINM AN FHOSTAÍ] as [IONSÁIGH SEOLADH AN FHOSTAÍ] (an “Fostaí”)

ARNA GCOMHAONTÚ LEIS SEO MAR A LEANAS:

1.00. POST AGUS DUALGAIS

1.01. Fostófar an Fostaí mar rúnaí [LÁNAIMSEARTHA/PÁIRTAIMSEARTHA (SCRIOUS MAR IS CUÍ)] ar chospóir sonraithe.

1.02. Feidhmeoidh an Fostaí faoi stiúradh Phríomhoide na Scoile nó duine ainmnithe ag an bPríomhoide/ag an mBord Bainistíochta mar is cuí. I measc dhualgais an Fhostaí beidh siadsan atá sonraithe san sainchuntas poist atá i gceangal leis seo. [ÁIRITHIGH GO BHFUIL AN SAINCHUNTAS POIST I GCEANGAL LEIS SEO ~ FEIC AGUISÍN] Ní liosta uileghabhálach ná cuimsitheach de dhualgais an Fhostaí na dualgais shonraithe. Forchoimeádann an Fostóir an ceart dá rogha féin amháin na dualgais a athrú, a leasú nó cur leo de réir mar is riachtanach. Ní mór don

Fhostaí a bheith toilteanach aon obair eile a chuirfidh an Fostóir air/uirthi ó am go ham a chur i gcrích. Féadfaidh an obair seo a bheith lasmuigh de limistéar ghnáthdhualgais an Fhostaí. Comhlíonfaidh an Fostaí a d(h)ualgais agus a f(h)reagrachtaí de réir dlí, pholasaithe an Fhostóra/na Scoile, Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus Chiorcláin agus agus Threoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna. Admhaíonn an Fostaí go bhfuil sé/sí curtha ar an eolas faoi éiteas Caitliceach na Scoile agus gurb é dualgas an Fhostaí seasamh le héiteas Caitliceach na Scoile, agus a bheith freagrach don Fhostóir as an seasamh sin a thógaint, de réir mheon Phatrún na Scoile.

1.03. Aontaíonn an Fostaí thairis sin dul faoi thraenáil ar bith a éilíonn an Fostóir ó am go ham.

2.00. DÁTA TOSAITHE AGUS TÉARMA CONARTHA

2.01. Tosóidh fostaíocht an Fhostaí leis an bhFostóir ar **[IONSÁIGH DÁTA]**. Tá an Fostaí i bhfostaíocht ar Chonradh Cuspóra Shonraithe chun **[IONSÁIGH CUSPÓIR AN CHONARTHA SEO E.G. CHUN CUMHDACH A CHUR AR FÁIL DO XX ATÁ AR SAOIRE MHÁITHREACHAIS]**. Foirceannfaidh an conradh ar scor den chuspóir sonraithe ráite.

2.02. Ina theannta sin, aontaíonn an Fostaí nach mbainfidh forálacha an Acht um Dhífhostú Éagórach 1977-2007 le foirceannadh fostaíocht an Fhostaí ach amháin nuair a tharlaíonn an foirceannadh sin de bhíthin amháin scor don chuspóir sonraithe anseo.

2.03. Dearbhaíonn an Fostóir nach féidir leis conradh ar thréimhse éiginnte a thairiscint chun críche Alt 8 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, agus mar sin tairiscítear **an conradh cuspóra shonraithe seo/an conradh cuspóra shonraithe breise seo (SCRIOS MAR IS CUÍ)** ar na forais oibiachtúla seo a leanas

Is gá an conradh seo **(SCRIOS IAD SEO A LEANAS NACH BHFUIL OIRIÚNACH NÓ IONSÁIGH IMTHOSCA AR LEITH A BHÍONN OIRIÚNACH I LEITH NA NIMTHOSCA)**

2.03.1. chun ionad fostaí a bhíonn ar saoire mháithreachais agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn thréimhse éiginnte ina (h)éagmais a ghabháil.

NÓ

2.03.2. chun ionad fostaí a bhíonn ar saoire chúramóra agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmais a ghabháil.

NÓ

2.03.3. chun ionad fostaí a bhíonn ar saoire bhreiteachta agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmais a ghabháil.

NÓ

2.03.4. chun ionad fostaí a bhíonn ar saoire uchtála agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmais a ghabháil.

NÓ

2.03.5. chun ionad fostaí a bhíonn ar saoire thuismitheoirí agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmais a ghabháil.

NÓ

2.03.6. chun ionad fostaí a bhíonn ar saoire údaraithe agus nach féidir a p(h)ost a líonadh ar chonradh seasta/chonradh ar bhonn tréimhse éiginnte ina (h)éagmais a ghabháil.

NÓ

2.03.7. go dtí go bhfostaítear fostaí seasta sa scoil.

2.04. Glacann an Fostaí leis na forais oibiachtúla agus aontaíonn go bhfuil an conradh tairgthe ar bhonn cuspóra shonraithe nach féidir a thairiscint mar chonradh téarma éiginnte.

2.05. Aontaíonn an Fostóir an Fostaí a chur ar an eolas faoi fholúntais ar bith a bhíonn ar fáil i bpost seasta rúnaíochta le linn tréimhse an chonartha seo. Tabharfar eolas trí **[IONSÁIGH AN TSLÍ A GCUIRFIDH AN FOSTÓIR AIRÍGH AR CHUSPÓIR SONRAITHE AR AN EOLAS FAOI FHOLÚNTAIS DO PHOIST AIRÍOCHAIS SHEASTA]**

3.00. PROMHADH

- 3.01.** Beidh fostaíocht an Fhostaí faoi réir thréimhse promhaidh de **[IONSÁIGH AN LÍON MÍONNA NÁR CHEART A BHEITH NÍOS MÓ NÁ 11 MHÍ AGUS AR CHEART A BHEITH NÍOS LÚ NÁ TRÉIMHSE CUSPÓRA SHONRAITHE MÁ TÁ SEO AR EOLAS]**. Forchoimeádann an Fostóir an ceart an tréimhse phromhaidh seo a fhadú dá rogha féin amháin faoi réir ag uasmhéid aon mhí dhéag. **[MÁS 11 MHÍ FAD NA TRÉIMHE PROMHAIDH NÍ GÁ AN CEART A FHORCHOIMEÁD CHUN AN TRÉIMHSE A FHADÚ GO DTÍ 11 MHÍ]** Féadfar fostaíocht an Fhostaí a fhoirceannadh cibé i rith na tréimhse seo (nó aon fhadú di) nó ar éag di sin de rogha an Fhostóra trí fógra seachtaine a thabhairt don Fhostaí i scríbhinn.

4.00. IONAD OIBRE

- 4.01.** De ghnáth beidh an Scoil mar an ghnátháit oibre. Féadfar a éileamh ar an bhFostaí ó am go ham oibriú agus/nó taisteal lasmuigh den ghnátháit oibre. In imthosca mar iad, féachfaidh an Fostóir le fógra a thabhairt don Fhostaí chomh luath agus is féidir. Féadfaidh ócáidí a bheith ann, áfach, nuair nach féidir fógra dá leithéid a thabhairt don Fhostaí.
- 4.02.** Beidh úsáid seomra stórála ag an bhFostaí le haghaidh trealaimh agus ábhar oibre agus beidh cóip d'eochar an tseomra seo ag Príomhoide na Scoile chomh maith.

5.00. UAIREANTA OIBRE

- 5.01.** Oibreoidh an Fostaí **[IONSÁIGH LÍON UAIREANTA]** in aghaidh na seachtaine. Beidh uaireanta oibre an Fhostaí ó [] a.m. go [] p.m. ar **[IONSÁIGH NA HUAIREANTA OIBRE AGUS LAETHANTA]**
- 5.02.** Tá an Fostaí i dteideal sosanna **[IONSÁIGH LÍON NÓIMÉAD]** gan phá lena n-áirítear **[IONSÁIGH FAD AGUS AMANNA SOSANNA E.G. SOS LÓIN 30 NÓIMÉAD Ó 12.30 GO 1.00PM]** de réir an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.
- 5.03.** De réir an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997, beidh an Fostaí i dteideal sosa laethúil de 11 uair ar a laghad i ngach tréimhse 24 uair agus i dteideal sosa sheachtainiúil de 24 uair ar a laghad i ngach tréimhse leantach de sheacht lá nó dhá thréimhse sosa de 24 uair i ngach coicís i ndiaidh sosa laethúil. Beidh an Fostaí i dteideal sos 15 nóiméad ón obair gan phá freisin tar éis a bheith ag obair ar feadh 4 huair agus 30 nóiméad agus 30 nóiméad tar éis a bheith ag

obair ar feadh 6 huairde (agus féadfaidh an sos 15 nóiméad roimhe seo a bheith san áireamh) mar a fhoráiltear i gclásal 5.02. Muna bhfuil an Fostaí in ann glacadh le ceann ar bith de na tréimhsí sosa seo ar chúis ar bith, féadfaidh sé/sí Príomhoide na Scoile a chur ar an eolas i scríbhinn faoin scéal seo agus faoin gcúis nár glacadh leis an tréimhse sosa seo laistigh de sheachtain amháin. Socróidh an Fostóir go nglacfaidh an Fostaí sos dá leithéid a luaithe agus is praiticiúil tar éis dó/di fógra dá leithéid a fháil.

- 5.04.** Féadfar uainchlárú na n-uaireanta oibre a athrú de rogha an Fhostóra. Féadfar éileamh ar an bhFostaí ragobair a dhéanamh de réir mar a éileoidh an Fostóir ó am go ham. Féadfar éileamh ar an bhFostaí freisin oibriú ar laethanta saoire poiblí nó ag deireadh seachtaine ó am go ham.
- 5.05.** Aontaíonn an Fostaí leis seo comhoibriú iomlán a thabhairt don Fhostóir chun taifid chruinn dá c(h)uid uaireanta oibre a choinneáil chun críche Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Taifid) (Foirm Fhorordaithe agus Díolúintí), 2001. Is gá go síneoidh an Fostaí bileog thinrimh ag am sroichte agus ag am fágtha oibre. Is gá go gcuirtear an Fostóir ar an eolas faoin obair eachtrach uile. Ní ceart go gcuirfeadh aon chineál d’obair eachtrach lena mbítear ag gabháil isteach ar chomhlíonadh dhualgais agus fhreagrachtaí an Fhostaí. Féadfar an conradh a fhoirceannadh i gcás go sáraíonn obair an Fhostaí, nuair a ríomhtar comhiomlán na n-uaireanta, na teorainneacha a fhoráiltear san Acht um Eagrú Ama Oibre.

6.00. LUACH SAOTHAIR

- 6.01.** Beidh € **[IONSÁIGH FIGIÚR]** mar thuarastal comhlán ag an bhFostaí **[PER ANNUM/IN AGHAIDH NA MÍOSA/IN AGHAIDH NA SEACHTAINE – SCRIOS MAR IS CUÍ]** íoctha ag an bhFostóir **[GO SEACHTAINIÚIL/GO COICÍSIÚIL/GO MÍOSÚIL MAR IS CUÍ [I RÍARÁISTE]** faoi réir asbhaint na n-asbhaintí párolla riachtanacha. Íocfar tuarastal an Fhostaí trí **[IONSÁIGH MODH ÍOCTHA E.G. SEIC/AISTRIÚ BAINC]**.
- 6.02.** **Íocfar/ní íocfar as ragobair. [SCRIOS MAR IS CUÍ]. MÁ TÁ ÍOCAÍOCHT RAGOIBRE LE HÍOC BA CHEART AN RÁTA A BHEITH LEAGTHA AMACH AGUS NA SONRAÍ LUAITE “NÍ BHEIDH ÍOCAÍOCHT RAGOIBRE I GCEIST ACH AMHÁIN AR OBAIR DÉANTA LASMUIGH D’UAIREANTA OIBRE AN FHOSTAÍ LE LÉIRÚDARÚ AN FHOSTÓRA. FÉADFAIDH AN FOSTAÍ SAOR-AM A GHLACADH IN IONAD ÍOCAÍOCHT RAGOIBRE. IS DE ROGHA AN FHOSTÓRA AMHÁIN AN CINNEADH SEO”.**
- 6.03.** Admhaíonn agus aontaíonn an Fostaí go bhfuil ceart asbhainte ag an bhFostóir ó phá an Fhostaí aon suimeanna atá ag dul don Fhostóir ón bhFostaí, gan

teorannú san áireamh, aon ró-íocaíochtaí nó iasachtaí íoctha leis an bhFostaí ag an bhFostóir nó cailteanais a bhain leis an bhFostóir de dheasca fhaillí an Fhostaí nó de dheasca shárú rialacha an Fhostóra/na Scoile.

- 6.04. IS CLÁSAL ROGHNACH É SEO AGUS NÍ GÁ É A BHEITH AR ÁIREAMH-** Déanfaidh an Fostóir aisíocaíocht leis an bhFostaí le haghaidh gach caiteachas ceart réasúnta deimhnithe a thabhoídís sé/sí agus é/í i mbun gnó ar bith ar son an Fhostóra. Cloífidh an Fostaí leis na rialacha sin a fhéadfaidh an Fostóir a ordú ó am go ham maidir le ceadú agus deimhniú na gcaiteachas sin.

7.00. SOCHAIR

- 7.01.** Ní oibríonn an Fostóir scéim pinsean. Ainmníonn an Fostóir, áfach, **[IONSÁIGH AINM AN TSOLÁTHRAÍ CCSP]** chun Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta a chur ar fáil d'fhostaithe. Cé go bhfuil an Fostóir toilteanach asbhaintí ó thuarastal an Fhostaí agus a n-íocaíocht sin le **[IONSÁIGH AINM AN TSOLÁTHRAÍ CCSP]** a éascú, ní bheidh an Fostóir ag íoc ranníocaíochtaí.

NÓ

7.01. IONSÁIGH SONRAÍ NA SCÉIME PINSIN

- 7.02. [IONSÁIGH SONRAÍ D'AON SOCHAIR EILE MÁ S ANN DÓIBH. BA CHEART AN CLÁSAL SEO A SCRÍOSADH MUNA BHFUIL AON SOCHAIR EILE ANN.]**

8.00. EISIACHAS SEIRBHÍSE

- 8.01.** I rith thréimhse an Chonartha seo ní mór don Fhostaí a c(h)uid ama, airde agus oilteachta pearsanta go léir a chaitheamh ar dhualgais an Fhostóra, ach amháin a mbeadh údaraithe thairis sin i scríbhinn ag an bhFostóir.

9.00. LAETHANTA SAOIRE

- 9.01.** Ritheann bliain saoire bhliantúil an Fhostóra ó thús go deireadh na scoilbhliana ábhartha. De ghnáth ó thús Mheán Fómhair go deireadh Lúnasa a bheidh i gceist leis seo.

- 9.02.** Beidh an Fostaí i dteideal saoire bhliantúil a ghlacadh de réir an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 **[NÓ IONSÁIGH LÍON LAETHANTA. TABHAIR DO D’AIRE NACH FÉIDIR AN LÍON LAETHANTA A BHEITH NÍOS LÚ NÁ AN LÍON LAETHANTA ATÁ AN FOSTAÍ I DTEIDEAL A GHLACADH DE RÉIR AN ACHT UM EAGRÚ AMA OIBRE]**. Is gá go nglacfar saoire bhliantúil le linn ghnáththréimhsí saoire scoile. Forchoimeádann an Fostóir de cheart aige féin éileamh ar an bhFostaí saoire bhliantúil a ghlacadh ar laethanta sonraithe. Is ag an bhFostóir atá an cinneadh críochnaitheach maidir le saoire a dháileadh. Éileofar ar an bhFostaí teidlíocht saoire bhliantúil **[IONSÁIGH LÍON LAETHANTA]** lá ar a laghad a ghlacadh go bliantúil le linn saoire na scoile in Iúil agus i Lúnasa agus éileofar ar an bhFostaí teidlíocht saoire bhliantúil **[IONSÁIGH LÍON LAETHANTA]** lá ar a laghad a ghlacadh ag an am céanna le linn na tréimhse seo. Ní féidir saoire bhliantúil níos mó ná **[IONSÁIGH LÍON LAETHANTA]** lá a ghlacadh le chéile tráth ar bith. Éileofar ar an bhFostaí réamhfhógra 4 seachtaine ar a laghad a thabhairt faoi dháta shaoire an tsamhraidh agus fógra seachtaine ar a laghad le haghaidh laethanta saoire **bliantúla/laethanta** faoi phribhléid eile. **[SCRIOS AN TAGAIRT DO LAETHANTA FAOI PHRIBHLÉID MUNA MBÍONN SIAD CURTHA AR FÁIL]**
- 9.03.** Is ceart go nglacfaí le teidlíocht saoire bliantúla san scoilbhliain ábhartha agus is in imthosca eisceachtúla amháin agus le comhaontú an Fhostóra agus an Fhostaí a cheadaítear laethanta saoire nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain ina dhiaidh sin.
- 9.04.** Más le linn na **tréimhse** ina bhfuil an tsaoire bhliantúil a bhíonn tosach feidhme nó foirceannadh fhostaíocht an Fhostaí, is ar bhonn pro rata a mheasúnófar teidlíocht saoire bhliantúil an Fhostaí. Má tá an Fostaí tar éis dul thar a (h)am teidlíochta don bhliain sin, i gcás fhoirceannadh fhostaíocht an Fhostaí, asbhainfear an bhreis d’aon suimeanna dlite don Fhostaí ar an bhFostóir.
- 9.05.** Beidh an Fostaí i dteideal tairbhe laethanta saoire poiblí reachtúla i gcomhréir leis an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.
- 9.06.** Beidh an Fostaí i dteideal lá saor le pá a ghlacadh chomh maith ar Aoine an Chéasta. **[IS CLÁSAL ROGHNACH É SEO MAR IS FAOIN BHFOSTÓIR É CINNEADH A DHÉANAMH FAOI AOINE AN CHÉASTA A BHEITH INA LÁ SAOIRE LE PÁ MAR NÍ LÁ SAOIRE POIBLÍ É AOINE AN CHÉASTA. BA CHEART AN CLÁSAL A SCRÍOSADH MÁ CHINNTEAR NACH LÁ SAOIRE LE PÁ É. IS CEART AN CLÁSAL A SCRÍOSADH CHOMH MAITH MUNA SÍNEANN AN CONRADH CUSPÓRA SHONRAITHE CHOMH FADA LE HAOINE AN CHÉASTA MÁ TÁ SEO AR EOLAS.]**

9.07. Chomh maith le laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta, ach gan Laethanta Saoire Eaglasta san áireamh, ceadáítear dhá lá faoi phribhléid, ceann ag an Nollaig agus ceann ag an gCáisc. **IS CLÁSAL ROGHNACH É SEO AGUS NÍ GÁ É A BHEITH AR ÁIREAMH. CUIMHNIGH GUR CHEART AN TAGAIRT SIN D’AOINE AN CHÉASTA A SCRÍOSADH DEN CHLÁSAL SEO MUNAR LÁ SAOIRE LE PÁ É. BA CHEART AN CLÁSAL INA IOMLÁINE A SCRÍOSADH MUNA GCEADAÍTEAR LAETHANTA FAOI PHRIBHLÉID. BA CHEART AN CLÁSAL SEO A SCRÍOSADH CHOMH MAITH MUNA SÍNEANN AN CONRADH TÉARMA SH-OCRAITHE CHOMH FADA LEIS AN NOLLAIG AGUS/NÓ LEIS AN GCÁISC MÁ TÁ SEO AR EOLAS.**

10.00 NEAMHLÁITHREACTH AGUS PÁ BREOITEACHTA

10.01. Má tá an Fostaí as láthair ón obair ar chúis ar bith is ceart an Príomhoide a bheith curtha ar an eolas laistigh de thríocha nóiméad ó am tosaithe an Fhostaí, ar an gcéad lá neamhláithreachta agus gach lá ina dhiaidh sin. Nuair is neamhláithreacht de dheasca breoiteachta atá i gceist, is gá teastas ó liachleachtóir cáilithe, ag lua cúis liachta neamhláithreachta an Fhostaí, a chur isteach tar éis a bheith as láthair go leanúnach ar feadh trí lá agus go seachtainiúil ina dhiaidh sin. Nuair is neamhláithreacht ó Aoine go Luan go huile atá i gceist, is gá teastas dochtúra a thabhairt.

10.02. I gcás neamhláithreachta de dheasca breoiteachta, féadfaidh an Fostóir a éileamh ar an bhFostaí dul faoi scrúdú ag liachleachtóir cáilithe nó speisialtóir ainmnithe ag an bhFostóir agus leis seo ceadáíonn an Fostaí don liachleachtóir cáilithe nó don speisialtóir seo torthaí a c(h)uid scrúduithe a nochtadh don Fhostóir agus beidh an Fostóir i dteideal brath ar thuairim an dochtúra neamhspleách ag cinneadh an amhlaidh atá an Fostaí ábalta a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh.

10.03. **Faoi réir chomhlánú sásúil tréimhse phromhaidh an Fhostaí nó fadú ar bith na tréimhse sin, beidh an Fostaí i dteideal páirt a ghlacadh i scéim shaoire bhreoiteachta an Fhostóra faoi réir rialacha na scéime sin a fhéadfar a leasú ó am go ham. Ní cheadófar pá breoiteachta le linn seirbhís na chéad [IONSÁIGH LÍON MÍONNA] m(h)í. Forálann an scéim atá ann faoi láthair go gceadaítear pá breoiteachta (lúide asbhaintí cuí i leith íocaíochtaí leasa shóisialaigh) tar éis seirbhís leanúnach [IONSÁIGH LÍON MÍONNA] m(h)í, suas go huasteorainn [IONSÁIGH LÍON SEACHTAINÍ] seachtaine i dtréimhse ar bith de sheirbhís [IONSÁIGH LÍON MÍONNA] m(h)í ar chuntar go mbíonn an neamhláithreacht deimhnithe go cuí agus nach mbíonn fianaise ar bith ar bhuan-mhíchumas le haghaidh seirbhíse. Ní féidir an pá breoiteachta a atosú le linn na neamhláithreachta céanna nuair a bhíonn**

an uasteorainn sroichte. Ní áirítear saoire bhreiteachta gan phá mar sheirbhís le haghaidh saoire breiteachta breise le pá.

NÓ

10.03. Ní oibríonn an Fostóir scéim le haghaidh pá bhreiteachta. Má bhíonn an Fostaí as láthair ón obair de dheasca breiteachta, ní mór dó/di teagmháil a dhéanamh leis an an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun a c(h)uid teidlíochtaí a fhionnadh.

10.04. Má tharlaíonn éagumas an Fhostaí de dhroim fhaillí inchaingne trú páirtí i gcás go bhféadfar damáistí a ghnóthú, cuirfidh an Fostaí an Fostóir ar an eolas faoin bhfíoras agus faoi éileamh, chomhréiteach, shocraíocht nó bhreithiúnas ar bith a tugadh nó a dámhadh ina leith sin agus cuirfidh sé/sí sonraí maidir leo sin ar fáil don Fhostóir, de réir mar a éileoidh an Fostóir go réasúnach. Sna himthosca sin, bíonn gach luach saothair íoctha leis an bhFostaí ag an bhFostóir faoina scéim do phá breiteachta, nó íocaíochtaí a rinne an Fostóir le trú páirtí ar bith agus san áireamh tá íocaíochtaí maidir le ranníocaíocht phinsin, ioncam, nó eile, íocaíochtaí cánach agus árachais shóisialta phá-choibhneasa i leith luach saothair an Fhostaí, sa mhéid is go bhfuil cúiteamh inghnóthaithe ón trú páirtí sin, in ionannas le hiasachtaí ón bhFostóir don Fhostaí agus aisíocfar iad nuair agus sa mhéid a ghnóthaíonn an Fostaí cúiteamh i leith cailteanas ioncaim ón trú páirtí sin, cé acu de bharr éilimh, comhréitigh, socraíochta nó breithiúnais. **IS CEART AN CLÁSAL SEO A SCRÍOSADH MUNA BHFEIDHMÍTEAR SCÉIM DO PHÁ BREITEACHTA.**

11.00. POLASAITHE AGUS NÓSANNA IMEACHTA

11.01. Cuirfear cóipeanna de pholasaithe agus de nósanna imeachta ábharthacha an Fhostóra/na Scoile ar fáil don Fhostaí faoi chumhdach ar leith. D'fhonn amhras a sheachaint, ní doiciméid chonartha iad seo agus féadfar iad a leasú agus/nó a n-ionad a ghabháil ó am go ham faoi rogha an Fhostóra. Ina theannta sin, ní bheidh feidhm ag Nós Imeachta Smachta an Fhostóra maidir leis an bhFostaí le linn a t(h)réimhse promhaidh lena n-áirítear aon fhadú de.

12.00. SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

12.01. Glacfaidh an Fostóir gach beart ciallmhar agus réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas an Fhostaí a áirithiú agus é/í i mbun oibre. Ina theannta sin, gabhann an Fostaí cúram réasúnach air/uirthi féin dá s(h)ábháilteacht agus dá s(h)láinte féin agus sin dá c(h)omhfhostaithe ar bith nó do dhaoine ar bith

eile a dtéann gníomhartha nó easnaimh an Fhostaí chun dochair dóibh agus iad i mbun oibre.

12.02. Aontaíonn an Fostaí leis seo go mbeidh sé/sí ag comhoibriú go hiomlán leis an bhFostóir, lena c(h)omhfhostaithe uile agus le daoine ar bith eile sa mhéid sin go bhféadfaidh an Fostóir, a chuid fostaithe, seirbhíseach, gníomhairí agus gach duine ábharthach eile feidhmú i gcomhlíonadh fhorálacha an Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Tá ceangal ar an bhFostaí cloí le treoracha sláinteachais agus/nó sábháilteachta arna n-eisiúint ag an bhFostóir agus éadach sláinteach nó cosanta a chaitheamh de réir threoracha an Fhostóra nó Phríomhoide na Scoile.

12.03. Tá ceangal ar an bhFostaí é/í féin a chur ar an eolas faoi Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta an Fhostóra/na Scoile.

13.00. CIONTA

13.01. Bíonn fostaíocht an Fhostaí leis an bhFostóir i gcónaí faoi réir an Fostaí gan a bheith bainteach i ngníomhaíocht choiriúil ar bith nó gan a bheith ciontaithe i gcion coiriúil seachas cionta achoimre Achtanna um Thrácht ar Bhóithre nó cion a mheasann an Fostóir go réasúnach nach gcuireann isteach ar sheasamh an Fhostaí leis an bhFostóir.

14.00. CUARDACH

14.01. Forchoimeádann an Fostóir an ceart cuardach a dhéanamh ar phearsa, mhaoin nó fheithicil an Fhostaí agus é/í in áitreabh an Fhostóra/na Scoile nó ag imeachta ó áitreabh an Fhostóra/na Scoile. Sa chás go ndiúltaíonn an Fostaí go míréasúnach glacadh le cuardach, déileálfar leis mar mhí-iompar de chuid an Fhostaí. Dá réir sin, déileálfar leis i gcomhréir leis na nósanna imeachta smachta agus féadfaidh dífhostú an Fhostaí a bheith mar thoradh ar sin.

15.00. COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA

15.01. Ní chuireann comhaontuithe comhchoiteanna ar bith isteach ar fhostaíocht an Fhostaí.

16.00. COSAINT SONRAÍ

16.01. Ceadáítear don Fhostóir sonraí pearsanta faoin bhFostaí agus sonraí pearsanta íogaire san áireamh as ar féidir é a aithint a bhailiú ón bhFostaí agus a choinneáil ó am go ham. Admhaíonn an Fostaí go mbeidh imthosca ann nuair a bhaileoidh agus a choinneoidh an Fostóir sonraí pearsanta ó fhoinsí eile cé go dtiocfaidh an-chuid de shonraí pearsanta an Fhostaí díreach ón bhFostaí. Coinneoidh an Fostóir sonraí pearsanta go tipiciúil i gcomhad pearsanra an Fhostaí ach coinneoidh sé/sí freisin taifid ama oibre, taifid phárolla, taifid úsáid fóin, ríomhphoist, idirlín agus TE [Teicneolaíocht an Eolais] eile agus mar sin agus sonraí díreach bainteach leis an bhFostaí san áireamh. Ní bheartaíonn an Fostóir sonraí pearsanta an Fhostaí a nochtadh do thríú páirtí ar bith taobh amuigh den Fhostóir/Scoil, ach amháin nuair is gá faoi cheangal dlí (e.g. nuair a theastaíonn ó Chigire ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta taifid ama oibre a fheiceáil) nó nuair is gá fostaíocht an Fhostaí a bhainistiú nó a riaradh (e.g. eolas a nochtadh do phróiseálaithe párolla, do bhróicéir/iontaobhaithe nó d'árachóirí). Agus a shíniú á chur lena c(h)omhaontú thíos, toilíonn an Fostaí leis seo le bailiú agus le coinneáil na sonraí pearsanta sin agus le nochtadh agus/nó aistriú na sonraí pearsanta sin.

17.00. RÚNDACHT

17.01. Ní mór don Fhostaí faisnéis tostaobhach ar bith i leith an Fhostóra, na Scoile, daltaí, tuismitheoirí nó fostaithe a choinneáil faoi rún, agus gan í a phlé le duine ar bith nach bhfuil i dteideal sin a ghlacadh. Ní ceart don Fhostaí faisnéis tostaobhach ar bith a nochtadh maidir leis an bhFostóir, an Scoil, a daltaí, tuismitheoirí, fostaithe nó tríú páirtí ar bith a bhfuil an Fostóir faoi oibleagáid rúndachta ina leith le linn nó i ndiaidh fhostaíocht an Fhostaí ach amháin i dtréimhse cheart fhostaíocht an Fhostaí nó de réir rialú dlí.

17.02. Ní ceart don Fhostaí doiciméid nó maoin ar bith a bhaineann leis an bhFostóir/Scoil nó ina bhfuil faisnéis tostaobhach ar bith a thógaint as áitreabh an Fhostóra/na Scoile ag am ar bith gan údarú ceart roimh ré.

17.03. Ní mór don Fhostaí na doiciméid agus an mhaoin go léir a bhaineann leis an bhFostóir/Scoil nó a bhfuil faisnéis tostaobhach iontu nó luaite iontu agus atá i seilbh an Fhostaí nó faoina rialú nó a bhfuil faisnéis tostaobhach ar bith iontu nó a dhéanann tagairt di agus a bhíonn i seilbh an Fhostaí nó faoina rialú, a thabhairt ar ais don Fhostóir ar iarratas agus, ar aon chor, ar fhoirceannadh a c(h)uid fostaíochta.

18.00. RÁITIS

18.01. Aontaíonn an Fostaí leis seo gan ráiteas nó ábhar de chineál ar bith a bhaineann leis an bhFostóir/Scoil a thabhairt nó a fhoilsiú i slí ar bith gan cheadú sainráite roimh ré.

18.02. Ní thabharfaidh ná ní fhoilseoidh an Fostaí ráiteas ar bith, maidir leis an bhFostóir/Scoil, a bhíonn bréagach, míthreorach nó ar dócha dó go

réasúnach damáiste a dhéanamh don Fhostóir/Scoil agus go áirithe, tar éis fhoirceannadh a c(h)uid fostaíochta leis an bhFostóir/Scoil, ní thabharfaidh sé/sí féin le tuiscint go bhfuil baint aige/aici leis nó go bhfuil sé/sí fostaíthe ag an bhFostóir/Scoil.

19.00. ASLEAGAN/GEARR-AM

19.01. Forchoimeádann an Fostóir an ceart an Fostaí a leagan as obair nó a (h)uairanta oibre a laghdú sa chás nach féidir an Fostaí a choinneáil ar fostú nó an Fostaí a choinneáil ar fostú lánaimseartha de dheasca imthosca nach mbíonn neart aige orthu. Tabharfar fógra don Fhostaí chomh luath agus is féidir go réasúnach roimh an asleagan nó an dul ar obair ghearr-ama sin. Ní íocfar an Fostaí le linn na tréimhse asleagain nó gearr-ama agus ní íocfar é/í ach d'uairanta oibre iarbhír le linn tréimhsí gearr-ama.

[MÁ ASLEAGTAR AN FOSTAÍ BUAN, A BHFUIL FOSTAÍ CUSPÓRA SHONRAITHE Á CHUR INA (H)IONAD, GACH SAMHRADH AGUS/NÓ LE LINN TRÉIMHSÍ EILE AGUS NUAIR A BHEIDH AN CONRADH CUSPÓRA SHONRAITHE FÓS ANN LE LINN NA DTRÉIMHSÍ SEO BA CHEART É A BHEITH SONRAITHE GO HASLEAGFAR AN FOSTAÍ CUSPÓRA SHONRAITHE LE LINN NA DTRÉIMHSÍ SEO. IS CEART É A BHEITH SONRAITHE FREISIN NACH NÍOCFAR AN FOSTAÍ LE LINN NA TRÉIMHSE/NA DTRÉIMHSÍ ASLEAGAIN SEO.]

20.00. SONRAÍ FOSTAÍOCHTA

20.01. Forálann téarmaí an chomhaontaithe seo téarmaí agus coinníollacha fostaíochta an Fhostaí agus aontaíonn an Fostaí go gcomhdhéanann na forálacha dóthain sonraí den ghaolmhaireacht fostaíochta de bhun oibleagáidí an Fhostóra faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Eolas) 1994 – 2001 agus faoi reachtaíocht ábharthach ar bith eile.

20.00. ATHRUITHE I DTÉARMAÍ AGUS I GCOINNÍOLLACHA

21.01. Forchoimeádann an Fostóir an ceart téarmaí agus coinníollacha fostaíochta an Fhostaí a leasú nó a athrú ó am go ham. Tabharfar fógra nach giorra ná mí i scríbhinn i dtaobh athruithe suntasacha ar bith ar théarmaí agus ar choinníollacha fostaíochta an Fhostaí.

22.00. NÓSANNA IMEACHTA SMACHTA

22.01. Glacfaidh an Fostóir leis an nós imeachta seo a leanas i gcásanna gníomh smachta. I ndeireadh na dála, féadfaidh sáruithe seasmhacha nó comhlíonadh neamhleor dualgas, tar éis rabhaidh, a bheith ina gcúiseanna dífhostaithe.

22.02. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas

CÉIM 1 RABHADH Ó BHÉAL

Tabharfaidh Príomhoide na Scoile rabhadh ó bhéal don Fhostaí faoin gné shonraithe oibre nó iompair a bhíonn ar chaighdeán íseal, ag lua go soiléir gur rabhadh é seo agus ag comhairliú i dtaobh feabhsithe ar ghá a dhéanamh. Cuirfear an rabhadh seo in iúl i láthair ionadaí an Fhostaí ach amháin sa chás go ndiúltaíonn an Fostaí ionadaí a bheith i láthair. Cuirfear tuairisc an rabhaidh ar taifead i gcomhad an Fhostaí agus coinneofar ann é ar feadh tréimhse 6 mhí agus ní bhainfear feidhm as ina dhiaidh sin faoin nós imeachta smachta má thagann an feabhas is gá agus má choinnítear é le linn na tréimhse seo.

CÉIM 2 AN CHÉAD RABHADH I SCRÍBHINN

Sa chás go dteipeann ar an bhFostaí an feabhas is gá a chur i bhfeidhm nó a choinneáil, eagróidh Príomhoide na Scoile cruinniú leis an bhFostaí. Tabharfar fógra 5 lá ar a laghad i scríbhinn faoin gcruinniú don Fhostaí. Sonróidh an fógra cuspóir an chruinnithe agus sonraí na ngearán chomh maith le doiciméadú tacaíochta. Féadfaidh a (h)ionadaí a bheith i dteannta an Fhostaí ag an gcruinniú. Tabharfar deis don Fhostaí ag an gcruinniú freagra a thabhairt agus a s(h)easamh a chur in iúl. Tar éis breithniú a bheith déanta aige/aici ar an bhfreagra cinnfidh Príomhoide na Scoile ar an ngníomh iomchuí a thógfar. Sa chás go gcinntear ag an gcéim seo go mbíonn gá le gníomh smachta cuirfear an Fostaí ar an eolas go mbíonn an rabhadh i scríbhinn á thabhairt dó/dí. Cuirfear ar an eolas é/í freisin go mbeidh gníomh smachta sa bhreis i gceist suas go dífhostú agus sin san áireamh muna dtagann feabhas. Fanfaidh an rabhadh seo i gcomhad an Fhostaí ar feadh 6 mhí.

CÉIM 3 RABHADH DEIREANACH I SCRÍBHINN

Má theipeann ar an bhFostaí an feabhas is gá a chur i bhfeidhm nó a choinneáil, eagróidh Príomhoide na Scoile cruinniú leis an bhFostaí. Tabharfar fógra 5 lá ar a laghad i scríbhinn faoin gcruinniú don Fhostaí. Sonróidh an fógra cuspóir an chruinnithe agus sonraí na ngearán chomh maith le doiciméadú tacaíochta. Féadfaidh a (h)ionadaí a bheith i dteannta an Fhostaí ag an gcruinniú. Beidh ainmnitheach an Bhoird Bhainistíochta i dteannta Phríomhoide na Scoile. Tabharfar deis don Fhostaí ag an gcruinniú freagra a thabhairt agus a s(h)easamh a chur in iúl. Tar éis breithniú a bheith déanta acu ar an bhfreagra cinnfidh Príomhoide na Scoile agus an t-ainmnitheach ar an ngníomh iomchuí a thógfar. Sa chás go gcinntear ag an gcéim seo go mbíonn gá le gníomh smachta cuirfear an Fostaí ar an eolas go mbíonn an rabhadh deireanach i scríbhinn á thabhairt dó/dí. Cuirfear ar an eolas é/í freisin go mbeidh gníomh smachta sa bhreis i gceist suas go dífhostú agus sin san áireamh muna dtagann feabhas. Fanfaidh an rabhadh seo i gcomhad an Fhostaí ar feadh 9 mí.

CÉIM 4 DÍFHOSTÚ

Má leanann an ghné d'obair nó d'iompar an Fhostaí a bhí ar chaighdeán íseal go leanúnach ag an leibhéal sin féadfar an Fostaí a bhriseadh tar éis imscrúdaithe.

22.03. D'ainneoin an nós imeachta thuas, forchoimeádan an Fhostóir an ceart fostaí ar bith a smachtú suas go dífhostú láithreach agus sin san áireamh i gcás mí-iompair thromchúisigh. I gcás fostaíocht an Fhostaí a fhoirceannadh de dheasca mí-iompair, ní bheidh an Fostaí i dteideal fógra a fháil nó íocaíocht in lieu sin. Seo a leanas samplaí mí-iompair thromchúisigh ach nach mbeartaítear a bheith uileghabhálach.

- 22.03.01.** nuair atá an Fostaí ciontach as sárú ábhartha nó neamhchomhaill a dhéanamh ar fhorálacha ar bith an chonartha fostaíochta
- 22.03.02.** nuair a bhíonn an Fostaí ag gabháil do mhí-iompar go leanúnach
- 22.03.03.** nuair a bhíonn an Fostaí ciontach in ollmhainneachtain nó i bhfaillí thoiliúil i gcomhlíonadh a d(h)ualgas nó i ndáil le nó maidir le gnó an Fhostóra
- 22.03.04.** nuair a bhíonn comhlíonadh dhualgas an Fhostaí míshásúil go leanúnach
- 22.03.05.** nuair a dhéanann an Fostaí mórghníomh mímhacántachta nó gníomhartha mímhacántachta athuair lena n-áirítear goid mhaoin an Fhostóra/na Scoile nó fostaithe eile
- 22.03.06.** nuair a dhéantar damáiste, sabaitéireacht nó scrios go toiliúil ar mhaoin an Fhostóra/na Scoile
- 22.03.07.** sárú toiliúil ag an bhFostaí ar riail sábhála nó ag gabháil i ngníomhaíocht ar bith a bhíonn contúirteach do cheachtar an Fostaí nó daoine eile nó a chuirfeadh isteach ar fhearas an Fhostóra/na Scoile nó ar mhaoin eile
- 22.03.08.** nuair a fhalsaíonn an Fostaí taifid ar bith an Fhostóra/na Scoile
- 22.03.09.** nuair a loiceann ar an bhFostaí treoracha réasúnacha a chur i gcrích
- 22.03.10.** feall ar iontaoibh maidir leis na daltaí
- 22.03.11.** nuair a bhíonn deochanna alcólacha nó drugaí (seachas drugaí ar oideas) ag an bhFostaí in áitreabh an Fhostóra/na Scoile ag am ar bith nó ag teacht chun oibre agus é/í faoi bhrí meiscigh nó drugaí
- 22.03.12.** ar chúis shubstaintiúil eile.

22.04. Nuair is gá don Fhostóir imscrúdú a dhéanamh féadfar an Fostaí a chur ar fionraí le pá nó gan phá go dtí go ndéanfar an t-imscrúdú sin. I gcás imscrúdaithe beidh siad seo a leanas infheidhme

- 22.04.01. Cuirfear an Fostaí ar an eolas i scríbhinn maidir leis na cúiseanna gníomh smachta atá beartaithe agus/nó sonraí na líomhaintí
- 22.04.02. Cuirfear nósanna imeachta córa ar fáil don Fhostaí agus tabharfar an doiciméadú iomchuí uile dó/di.
- 22.04.03. Cuirfear an Fostaí ar an eolas maidir leis na smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.
- 22.04.04. Beidh sé de cheart ag an bhFostaí a c(h)ás a shonrú.
- 22.04.05. Tabharfar am réasúnach don Fhostaí roimh chruinnithe ionas go mbeidh ar chumas an Fhostaí freagra a ullmhú agus ionadaí a sholáthar.
- 22.04.06. Féadfaidh an Fostaí duine dá rogha féin nó iondaí a c(h)eardchumainn más iomchuí a bheith ina t(h)eannta, más mian leis/léi sin. Níl sé arna bheartú go mbeadh ionadaíocht dhlíthiúil ag an bhFostaí.
- 22.04.07. Tabharfar gach deis don Fhostaí é/í féin a chosaint agus gearánaigh ar bith a cheistiú.
- 22.04.08. Áiritheoidh an Fostóir sa mhéid gur féidir go mbeidh finnétithe ar fáil chun fianaise a thabhairt.
- 22.04.09. Má dhéantar smachtbhanna a fhorchur beidh sé comhréireach.
- 22.04.10. Féadfaidh an Fostaí achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Bhainistíochta má dhéantar smachtbhanna a fhorchur ag céim 2 agus 3 de nósanna imeachta smachta.
- 22.04.11. I gcásanna gur dífhostú an smachtbhanna agus gur mian leis an bhFostaí agóid a dhéanamh in aghaidh an dífhostaithe féadfaidh an Fostaí an cás a chur faoi bhráid an Choimisinéara um Chearta, na Cúirte Oibreachais, an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais nó an Bhinse Achomhairc Fostaíochta de réir mar is cuí.
- 22.04.12. Féadtar an Fostaí a dhífhostú gan fógra nó gan pá in lieu fógra de dheasca sáruithe áirithe ar rialacha Fostóra/Scoile, ar nósmaireacht agus ar chleachtas, etc.

23.00. FOIRCEANNADH FOSTAÍOCHTA

- 23.01. A luaithe a chomhlánaíonn an Fostaí a t(h)réimhse phromhaidh, ach amháin nuair a bhíonn údar maith ag an bhFostóir le fostaíochta an Fhostaí a fhoirceannadh láithreach, beidh an Fostaí i dteideal fógra a fháil de réir fhorálacha an Acht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 – 2001. Nuair a bheartaíonn an Fostaí éirí as a c(h)uid oibre, ceanglófar air/uirthi fógra **(Ionsáigh figiúr le haghaidh fógra faoin líon seachtainí a bheidh le tabhairt ag fostaí cuspóra shonraithe)** seachtaine ar a laghad a thabhairt i scríbhinn.

- 23.02.** Forchoimeádann an Fostóir de cheart aige/aici féin tuarastal agus sochair ar bith ag a bhfuil teidlíocht chonarthaigh agus reachtúil ag an bhFostaí le linn na tréimhse fógra adúradh, a íoc leis an bhFostaí in lieu fógra.
- 23.03.** Féadfaidh an Fostóir fostaíocht an Fhostaí a fhoirceannadh láithreach i gcás go mbíonn an Fostaí ag am ar bith
- 23.03.01.** éirithe mímhheabhrach
- 23.03.02.** neamhchumasach ar a d(h)ualgais a chomhlíonadh de dheasca easláinte
- 23.03.03.** éirithe neamhinniúil
- 23.03.04.** éirithe neamhábalta ar a d(h)ualgais a chomhlíonadh
- 23.04.** Forchoimeádann an Fostóir de cheart aige/aici féin a c(h)earth chun fógra a tharscaoileadh de bhun an chláis seo.
- 23.05.** Forchoimeádann an Fostóir tuilleadh an ceart a cheangal ar an bhFostaí gan a bheith i láthair ag áitreabh an Fhostóra/na Scoile le linn tréimhse fógra ar bith, nó, ina mhalairt de chás ceangal a chur ar an bhFostaí dualgais agus feidhmeanna a fhorordóidh an Fostóir a chomhlíonadh le linn an ama seo.
- 23.06.** Níl aon ní sa chomhaontú seo a chuirfidh cosc ar thréimhse fógra níos giorra a thabhairt ag ceachtar páirtí de thoil a chéile.
- 23.07.** Ar fhoirceannadh fostaíocht an Fhostaí ar chúis ar bith, tabharfaidh an Fostaí ar ais láithreach don Fhostóir maoin ar bith a bhaineann leis an bhFostóir/Scoil nó le tríú páirtí ar bith agus a bhíonn ar teachtadh ag an bhFostaí thar ceann an Fhostóra/na Scoile. Ar áireamh leis seo ach gan a bheith teoranta dó, tá trealamh, doiciméid (cibé foirm ábhartha), dioscaí, cláir ríomhaire, meán stórála de shórt ar bith eile, gach cóip den rud céanna, nó ríomhaire glúine ar bith, fón póca, eochracha nó trealamh eile i seilbh an Fhostaí.
- 23.08.** Is téarma bunúsach d'fhostaíocht an Fhostaí é go ndearna an Fostóir nochtadh iomlán, cruinn agus iomchuí mar fhreagra ar cheisteanna a cuireadh nó eolas a lorgaíodh le linn an phróisis earcaíochta maidir le saincheisteanna leasa/cosanta leanaí ar bith. Má tharlaíonn sé go dtugtar faoi deara, le linn tréimhse fhostaíochta an Fhostaí, nach ndearna an Fostaí nochtadh iomlán, cruinn agus iomchuí, measfar an loiceadh ar an nochtadh sin a dhéanamh a bheith ina briseadh bunúsach ar an gconradh fostaíochta seo, a bhféadfadh gníomh smachta a theacht as, suas go dífhostú agus sin san áireamh.
- 23.09.** Tá ceapachán/fostaíocht an Fhostaí faoi réir thoradh/thorthaí grinnfhiosrúcháin shásúil.
- 23.10.** Gan dochar dá bhfuil thuas beidh an conradh fostaíochta arna fhoirceannadh ar éag don téarma socraithe ina a raibh an Fostaí fostaíthe.
- 24.00.** **GNÁS CASAOIDE**

- 24.01.** Ar mhaithe le cothroime agus ceartas, agus chun stiúradh ceart ghnó an Fhostóra/na Scoile a chinntiú, bíonn gá le forálacha áirithe chun déileáil le cúrsaí casaoide, mar seo a leanas:
- 24.02.** Má bhíonn casaoid ar bith ag an bhFostaí a mheasann sé a bheith fíor i ngné ar bith maidir lena c(h)uid fostaíochta, bíonn ceart chun éisteachta ó Phríomhoide na Scoile ag an bhFostaí nuair is gá sin. Má bhíonn an Fostaí míshásta le toradh na héisteachta féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh chuig Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta. Féadfaidh an Fostaí duine dá rogha féin nó iondaí ceardchumann a bheith ina t(h)eannta ag an éisteacht achomhairc seo.
- 24.03.** Sa chás nach réitítear an fhadhb go himmheánach cuirfear an t-ábhar trí ghnáthnósanna imeachta caidrimh thionsclaíoch.
- 24.04.** Áireofar tagairt do Choimisinéir um Chearta, don Chúirt Oibreachais, don Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais, don Bhinse Achomhairc Fostaíochta nó don Oifigeach Comhionannais san nós imeachta thuasluaite, de réir mar is cuí.
- 24.05.** Aontaítear nach mbeidh stailc, frithdhúnadh nó gníomhaíocht thionsclaíoch de chineál ar bith ag ceachtar páirtí go n-ídeofar na nósanna imeachta laistigh.

25.00. BEARTAS IDIRLÍN/RÍOMHPHOIST

- 25.01.** Tá an Fostóir i dteideal faireachán a dhéanamh ar úsáid ríomhphoist agus idirlín ag an bhFostaí.
- 25.02.** Féadfaidh an Fostóir an Fostaí a dhífhostú má bhíonn sé/sí ag gabháil d'iompar toirmisceithe nó má bhíonn sé/sí ag gabháil d'iompar ar bith a bhaineann le húsáid idirlín nó ríomhphoist a mbíonn cailleanas don Fhostóir/Scoil mar thoradh air.
- 25.03.** Ní cheadaítear don Fhostaí saoráidí ríomhphoist nó idirlín an Fhostóra/na Scoile a úsáid le haghaidh gnó phearsanta.
- 25.04.** Ní cheadaítear don Fhostaí ríomhphoist a scaipeadh nó úsáid a bhaint as an idirlíon i slí go gcuirfí cúiseamh idirdhealaithe, ciaptha, leabhail nó clúmhillte i leith an Fhostóra/na Scoile.
- 25.05.** Ní cheadaítear don Fhostaí ríomhphoist a scaipeadh nó úsáid a bhaint as an idirlíon i slí go gcuirfí cúiseamh shárú an Acht um Chosaint Sonraí, shárú cóipchirt nó cearta maoine intleachtúla i leith an Fhostóra/na Scoile.
- 25.06.** Ní cheadaítear don Fhostaí ríomhphoist a chruthú nó an idirlíon a úsáid i slí is go bhféadfadh foirmiú conarthaí neamhaireacha a bheith mar thoradh orthu
- 25.07.** Ní cheadaítear don Fhostaí a bheith bainteach le húsáid idirlín nó ríomhphoist a scaipeadh agus sárú Dlíthe Pornagrafaíocht Leanaí agus Graostachta a bheith mar thoradh orthu.
- 25.08.** Ní cheadaítear don Fhostaí ríomhphoist a scaipeadh nó úsáid a bhaint as an idirlíon i slí is go bhféadfadh cóipeáil neamhúdaraíthe nó seoladh eolas tostaobhach an Fhostaí/na Scoile a bheith mar thoradh orthu.

26.00. CEADÚNAS TIOMÁNA

26.01. Bíonn fostaíocht leanúnach coinníollach ar láncheadúnas reatha tiomána a bheith ag an bhFostaí.

27.00. DLÍ RIALAITHE

27.01. Beidh fostaíocht an Fhostaí á rialú i gcónaí agus go huile agus go hiomlán ag dlíthe na hÉireann agus faoi réir dlínse eisiach na gcúirteanna Éireannacha.

28.00. TARSCAOILEADH

28.01. Má dhéanann ceachtar páirtí tarscaoileadh ar shárú ar bith an pháirtí eile ar cheann ar bith de théarmaí, d'fhorálacha nó de choinníollacha an chonartha seo nó géilleadh an pháirtí sin i ngníomh ar bith (cibé acu trí ghníomh nó neamhghníomh) a bheadh ina shárú mar a dúradh murach an géilleadh sin, ní chomhdhéanfar tarscaoileadh ginearálta den téarma, den fhoráil nó den choinníoll sin nó de ghníomh ar bith ina dhiaidh sin contrártha do sin.

29.00. CLÁSAL TÉARFA

29.01. Is mar áis agus úsáid thagartha amháin na ceannteidil chlásail anseo agus ní chuirfidh siad isteach ar mhíniú, ar léirmhíniú agus ar fhorléiriú de sin. Meastar gach clásal den chonradh seo a bheith ar leith, téarfa agus neamhspleách ar chlásal ar bith eile de sin. Sa chás go gcinnteofar cúnant nó foráil ar bith anseo a bheith ar neamhní nó neamh-infheidhmithe go hiomlán nó go páirteach ar chúis ar bith cibé ní ní chuirfidh an neamh-infheidhmitheacht nó neamhbhailíocht sin isteach ar infheidhmitheacht nó ar bhailíocht na cúnaint nó na forálacha nó páirteanna díobh atá sa chonradh seo agus meastar na cúnaint nó forálacha neamhnithe nó neamh-infheidhmithe seo a bheith téarfa ó chúnaint nó ó fhorálacha ar bith nó páirteanna díobh ar áireamh anseo.

30.00. COMHAONTÚ IOMLÁN

30.01. Corpraíonn an comhaontú seo an comhaontú agus comhthuiscint iomlán idir na páirtithe a ghabhann leis seo

DÁ FHIANÚ SIN chuir na páirtithe a ghabhann leis seo a lámh leis an gComhaontú seo mar atá thíos mar den lá agus den bhliain céadscríofa thuas.

ARNA SHÍNÚ ar son agus
thar ceann an Fhostóra ag:

Finné

ARNA SHÍNÍÚ ag an bhFostaí:

Finné

**AN CONRADH SEO LE SÍNÍÚ I NDÚBLACH AG AN BHFOSTAÍ AGUS AG AN
BHFOSTÓIR AGUS CÓIP AMHÁIN TUGTHA DON FHOSTAÍ AGUS CÓIP
AMHÁIN COINNITHE AG AN MBORD BAINISTÍOCHTA ~ SCRÍOS AN
TREORÚ SEO.**

Ní luaitear na dualgais ach amháin chun treoir a thabhairt do scoileanna. Is ceart liosta na ndualgas a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile - SCRÍOS AN TREORÚ SEO.

AGUISÍN

SAINCHUNTAS POIST D’AIRÍOCH SCOILE

Chomh maith leis na dualgais liostaithe glacfaidh an tAiríoch air/uirthi féin dualgais eile a bhaineann leis an ról de réir mar a chinneann Príomhoide na Scoile agus/nó an Bord Bainistíochta agus/nó de réir mar a éilíonn riachtanais an Fhostóra/na Scoile. Táthar ag súil leis go sainaithneoidh an tAiríoch ar a t(h)ionscnamh féin, tascanna/dualgais is gá a dhéanamh mar chuid den ról faoi réir údarú an Phríomhoide/an Bhoird Bhainistíochta de réir mar is cuí.

Níl sé i gceist an liosta dualgas a bheith uileghabhálach ná eisiach.

1.00. Dualgais ghinearálta

- 1.01.** Cúram a dhéanamh de chothabháil an áitrimh Scoile, troscáin, trealaimh agus feisteas agus a chinntiú go gcoinnítear iad ar bhail chuí/chomhaontaithe agus ar chaighdeán cuí/comhaontaithe
- 1.02.** Foirgneamh, troscán, feistis agus trealamh na scoile a chosaint ó dhamáiste sa mhéid agus is féidir
- 1.03.** Cúram a dhéanamh d’áitreabh agus do rothaí na Scoile agus an foirgneamh, troscán, feistis agus trealamh a chosaint ó dhamáiste sa mhéid agus is féidir
- 1.04.** An ghloine uile sna doirse, fuinneoga, etc. a choinneáil glan
- 1.05.** Péinteáil agus athchóiriú a dhéanamh sa Scoil nuair is gá
- 1.06.** A chinntiú go mbíonn an Scoil téite go sásúil le linn tréimhsí fuara na bliana
- 1.07.** A bheith barainneach in úsáid breosla agus solais ar fud an fhoirgnimh agus cosc a chur ar a n-úsáid neamhúdraithe
- 1.08.** Eochracha gach seomra san fhoirgneamh a choinneáil slán sábháilte agus a chinntiú nach mbíonn ceart rochtana ag duine neamhúdraithe ar bith go cuid ar bith den fhoirgneamh
- 1.09.** A bheith freagrach as maoirseacht agus cothabháil gaireas múchta dóiteáin agus as cur in éifeacht rialachán dóiteáin mar a treoraíodh
- 1.10.** Clár áirithe giomnásiam/halla corpoideachais/seomra ilfhóintigh a choinneáil de réir dháileadh an Phríomhoide/an tSealbhóra Phoist
- 1.11.** Gan maoin Scoile a thabhairt ar iasacht ná maoin ar bith a fháil ar iasacht gan cead Phríomhoide nó Phríomhoide Tánaisteach na Scoile
- 1.12.** Tailte na Scoile a choinneáil in ord de ghnáth

- 1.13. An Scoil a oscailt agus a dhúnadh de réir ordú Phríomhoide na Scoile
- 1.14. Na seomraí ranga uile a bheith ullamh le haghaidh ranganna
- 1.15. Glacadh soláthairtí, ola agus ábhar eile d'úsáid ghinearálta a nótaíl agus a eagrú, chomh maith le aistriú soláthairtí, trealaimh agus ábhar comhchosúil
- 1.16. Dualgais chomhchosúla eile sin a chomhlíonadh de réir mar a bheidh riachtanach agus na dualgais sin a chomhlíonadh de ghnáth de réir mar a éileoidh an Fostóir, Príomhoide na Scoile nó duine sonraithe eile ó am go ham.
- 1.17. Nuair a iarrann ball foirne seachas an Príomhoide ar an Airíoch dualgas réasúnach a chomhlíonadh, comhlíonfar an dualgas sin faoi réir údarú agus beartú tosaíochta Phríomhoide na Scoile
- 1.18. Faireachán a dhéanamh ar stoic bhreosla agus a chinntiú go mbíonn dóthain ann i gcónaí i gcaitheamh na bliana
- 1.19. Teachtaireachtaí a dhéanamh de réir ordú Phríomhoide na Scoile.

2.00. Go laethúil

- 2.01. Na cóin thráchtá a chur in áit lasmuigh den Scoil ar maidin agus iad a thabhairt isteach gach tráthnóna
- 2.02. Siúl isteach agus timpeall na Scoile gach maidin ag cinntiú go mbíonn pasáistí/bealaí amach etc. saor ó bha(i)c agus an méid seo a leanas a sheiceáil agus liosta a dhéanamh de rudaí ar gá díriú orthu:
 - 2.02.01. Gloine/fuinneoga bhriste ar gá a dheisiú laithreach
 - 2.02.02. Graifítí a ghlanadh láithreach
 - 2.02.03. Bruscar de shórt ar bith a ghlanadh
 - 2.02.04. A chinntiú go mbíonn clúdaigh dhúnphoill in ionad
 - 2.02.05. A chinntiú go mbíonn clúdaigh/gabhdáin i ngach cúirt spóirt sochair agus slán
 - 2.02.06. A sheiceáil go mbíonn an coire-theach saor ó bhruscar agus ábhair indóite
 - 2.02.07. A sheiceáil go mbíonn seomra na bhfiúsanna saor ó bhruscar agus ábhair indóite
 - 2.02.08. Gach cathaoir a thógaint ón seomra ilfhóinteach tar éis úsáid na hoíche roimhe sin
 - 2.02.09. Troscán briste a dhiúscairt
 - 2.02.10. áit thílíte a shlíobadh agus a scuabadh go laethúil ar bhonn uainchláir
 - 2.02.11. A sheiceáil le Príomhoide na Scoile maidir le deisiúcháin phráinneacha agus maidir le deisiúcháin iarrtha ag múinteoirí

- 2.02.12. An liosta jabanna breise san oifig ar gá aire a thabhairt dóibh a sheiceáil agus an liosta a mharcáil de réir mar a bhíonn siad déanta roimh **(IONSÁIGH AM)** gach lá
- 2.02.13. Faireachán a dhéanamh ar mhéadar/úsáid uisce agus a sheiceáil le haghaidh sceite/úsáid diomailteach

3.00. Go rialta

- 3.01. An trealamh leictreach a sheiceáil le haghaidh feisteas scaoilte, cáblaí sceite etc
- 3.02. An trealamh corpoideachais a sheiceáil chun a shábháilteachta agus a oiriúnacht leantach don fheidhm a chinntiú
- 3.03. An trealamh múchta dóiteáin a sheiceáil
- 3.04. Aon ní a fhéadfadh a bheith ina ghuais do shláinte, shábháilteacht agus leas fostaithe agus daltaí a thuairisciú agus a dheisiú (mar is iomchuí)
- 3.05. A chinntiú go mbíonn uirlisí, trealamh, giurléidí, etc. in ionad slán sábháilte agus nach mbíonn fáil orthu ag páistí
- 3.06. An féar a ghearradh ag cinntiú nach mbíonn an lomaire faiche in úsáid má bhíonn páistí sa chóngaracht
- 3.07. Toir a mbíonn le diogáil a shainaitheint / fála, toir agus crainn a choinneáil diogáilte agus a chinntiú nach mbíonn siad ina nguais
- 3.08. Fiailí a bhaint de na ceapacha bláthanna agus cosáin
- 3.09. An ghloine uile sna fuinneoga, doirse etc. a ghlanadh laistigh agus lasmuigh agus frámaí uile fuinneoga, doirse agus timpeall orthu a ghlanadh laistigh agus lasmuigh
- 3.10. A chinntiú go mbíonn laistí in ionad chun na doirse a choinneáil ar oscailt
- 3.11. A chinntiú go mbíonn soilse uile laistigh agus lasmuigh in ord ceart oibre
- 3.12. A chinntiú nach bhfuil braon anuas ar bith sa díon
- 3.13. A chinntiú go mbíonn na tíleanna dín slán
- 3.14. A chinntiú go mbíonn tíleanna urláir slán

4.00. Le linn drochaimsire

- 4.01. Ma bhíonn sioc nó sneachta ann is gá salann a chur ar an gcosán os comhair na scoile cois bóthair, ón ngeata go dtí an doras tosaigh, sa charrchlós agus feadh cosán inmheánach ar na tailte scoile
- 4.02. A chinntiú go mbíonn na hurláir triomaithe tar éis teacht isteach na bpáistí maidneacha fliucha/taise
- 4.03. A chinntiú go mbíonn an córas teasa in ord ceart oibre agus go mbíonn an teacht ag an leibhéal riachtanach

5.00. Laethanta saoire scoile

Cinnfidh Príomhoide na Scoile an liosta go bliantúil roimh na laethanta scoile. Is gá an obair a bheith curtha i gcrích roimh an spriocdháta tugtha. Seo a leanas samplaí de chuid den obair a bheidh le déanamh:-

- 5.01.** Péinteáil
- 5.02.** Glanadh amach an choire-thí
- 5.03.** Nochtadh agus snasú achar tíleanna
- 5.04.** Obair chothabhála ar throsacán agus ar threalamh de réir mar is cuí
- 5.05.** Deisiú/athsholáthar troscán de réir mar is cuí
- 5.06.** Ag cinntiú go dtugtar aire d’obair chothabhála chomhaontaithe ar bith
- 5.07.** Ag cinntiú go dtugtar aire de réir mar is cuí don obair a chaithfear a dhéanamh go laethúil/ar bhonn rialta.

SEICLIOSTA LE HAGHAIDH CHONRADH FOSTAÍOCHTA AIRÍGH ~CUSPÓIR SONRAITHE

Tá na leideanna sa doiciméad aibhsithe le dath dearg. Is gá a chinntiú go scriostar na leideanna agus go n-ionsátar an t-eolas cuí.

Toisc gur teimpléad an doiciméad seo ní mór é a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Tá sé arna bheartú go n-úsáidfean an Conradh teimpléadach i gcás ina mbíonn fostaithe sealadacha nua á gceapadh.

Tá sé tábhachtach go dtragraítear don Nóta Treorach maidir le Saincheisteanna Fostaíochta Ginearálta atá ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC ([Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha](#))].

Fostaí téarma shocraithe is ea an leagan cineálach a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhostaithe ar fostú go sealadach ar feadh tréimhse/tréimhse ama socraithe, le haghaidh cuspóra shonraithe nó chun sainchúram a shlánú. Tá dhá chonradh teimpléadach ar fáil ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC] maidir le fostaíocht rúnaí pháirtaimseartha:

(a) conradh le haghaidh airíoch scoile~téarma socraithe

(b) conradh le haghaidh airíoch scoile~cuspóir sonraithe

Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-úsáidtear an conradh ceart. Is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta airíoch scoile~téarma socraithe” a úsáid nuair a bhíonn tú cinnte faoi thréimhse an chonartha i.e. an t-airíoch seasta a bheith amuigh ar feadh tréimhse ama cinnte. Toisc nach mbíonn tairbhe i.e. sos gairme/scéim jabroinnte ag airígh bheadh sé neamhghnách airíoch sealadach a bheith ar chonradh téarma shocraithe. B’fhéidir go n-éireodh na himthosca sin ach mar shampla go gceadódh an Bord Bainistíochta saoire neamhláithreachta d’airíoch ar feadh tréimhse áirithe in imthosca eisceachtúla. Ar an taobh eile nuair nach mbíonn an t-am a fhillfidh an t-airíoch seasta ar eolas go cinnte e.g. an t-airíoch seasta ar saoire mháithreachais, saoire bhreioiteachta, saoire chúramóra, etc. is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta airíoch scoile~cuspóir sonraithe” a úsáid. Is gnách go mór conradh cuspóra shonraithe seachas conradh téarma shocraithe a bheith ann nuair a bhíonn airíoch scoile sealadach á f(h)ostú in áit airígh sheasta.

Tá fáil ar an doiciméad dar teideal “Eolas Ginearálta maidir le Conarthaí Téarma Shocraithe/Conarthaí Cuspóra Shonraithe~ Nóta Treorach CPSMA [CBBC]” maidir le hathnuachan chonarthaí múinteoirí sealadacha ar shuíomh idirlín ag www.cpsma.ie. Moltar go láidir dul i gcomhairle an doiciméid seo sula gcinntear ar cheann amháin den dá chonradh theimpléadacha a roghnú agus fostaí á fhostú go sealadach. Cé go mbaineann na treoracha seo go sonrath le múinteoirí sealadacha, baineann na prionsabail ghinearálta le gach ball foirne.

AN NDEARNA TÚ

1. An dáta agus an bhliain a ionsá?
2. An t-ainm, an seoladh agus an uimhir rolla a ionsá?
3. Ainm agus seoladh an fhostaí a ionsá?
4. A chur in iúl cé acu post lánaimseartha nó post páirtaimseartha atá i gceist agus pé ceann díobh nach bhfuil i gceist a scriosadh? Clásal 1.01
5. A chinntiú go mbíonn an sainchuntas poist ag gabháil leis. Is ceart teimpléad an tsainchuntais phoist a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile agus an t-am a ionsá ag clásal 2.02.12 den sainchuntas poist..
Feic clásal 1.02 an Chonartha agus clásal .2.02.12 den sainchuntais phoist
6. An dáta tosaithe a ionsá? Feic clásal 2.01
7. An chúis a bhfuil an cuspóir sonraithe riachtanach di a ionsá agus an sampla tugtha a scriosadh. Feic clásal 2.01
8. “An Conradh cuspóra shonraithe seo” nó “an Conradh cuspóra shonraithe breise seo” a scriosadh mar is iomchuí? Feic clásal 2.03
9. Na forais oibiachtúla gur Conradh cuspóra shonraithe an Conradh a ionsá? Is gá an chúis le go bhfostaítear airíoch ar chonradh cuspóra shonraithe a ionsá. Ní mór a bheith soiléir faoin gcúis go díreach go mbíonn Conradh cuspóra shonraithe i gceist seachas Conradh seasta. Tá sampla de fhorais oibiachtúla san teimpléad. Is gá duit a chinntiú go scriostar na samplaí atá ar fáil sa teimpléad agus nach bhfuil iomchuí. Muna bhfuil an foras oibiachtúil sna samplaí ionsáigh an foras oibiachtúil ceart agus scrios na samplaí uile. Feic clásal 2.03.01 go clásal 2.03.07
10. An modh a gcuirfidh an fostóir airígh cuspóra shonraithe ar an eolas maidir le folúntais do phoist airíochais sheasta a ionsá? Feic clásal 2.05
11. An líon míonna maidir le promhadh nár cheart a bheith níos mó ná 11 mhí agus ar cheart a bheith níos lú ná tréimhse an chonradh cuspóra shonraithe a ionsá? Feic clásal 3.01
12. An líon uaireanta oibre in aghaidh seachtaine, na huaireanta oibre go laethúil agus na laethanta in aghaidh seachtaine a ionsá? Feic clásal 5.01
13. Amanna sosa a ionsá. Feic clásal 5.02.
14. Sonraí thuarastal an fhostaí in aghaidh na bliana / na míosa / na seachtaine mar is

iomchuí a ionsá chomh maith le hionsá na n-eatramh ag a n-íoctar é i.e. in aghaidh na seachtaine / coicíse / míosa chomh maith leis an modh íoctha a ionsá

i.e. aistriú bainc? Feic clásal 6.01

15. A ionsá go n-íoctar nó nach n-íoctar le haghaidh ragoibre? Feic clásal 6.02
16. An ráta pá agus an clásal maidir le cathain a íoctar é a ionsá má íoctar le haghaidh ragoibre? Feic clásal 6.02
17. Cinneadh maidir le ionsá an chlásail roghnaigh maidir le costais dheimhnithe a chúiteamh? Feic clásal 6.04
18. Ainm an tsoláthraí PRSA [CCSP (Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta)] a ionsá nó ina mhalairt de chás sonraí scéim pinsean na scoile a ionsá má tá scéim pinsean ag an scoil? Feic clásail ailtéarnacha 7.01
19. Sonraí de shochair ar bith eile a ionsá más ann dóibh? Muna bhfuil sochair eile ann is ceart an clásal seo a scríosadh. Feic clásal 7.02
20. An líon laethanta saoire bliantúla i gcás gur mó an tsaoire bhliantúil ná teidlíocht an fhostaí faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 a ionsá? Feic clásal 9.02
21. An líon laethanta saoire bliantúla le glacadh le linn Iúil agus Lúnasa a ionsá? Feic clásal 9.02
22. An líon is lú laethanta saoire bliantúla ar gá don fhostaí a ghlacadh ag an tráth céanna le linn Iúil agus Lúnasa a ionsá? Feic clásal 9.02
23. An líon is mó laethanta saoire bliantúla ar féidir a ghlacadh ag tráth amháin a ionsá? Feic clásal 9.02
24. An tagairt do laethanta pribhléide a scríosadh muna bhfuil a leithéid i gceist? Feic clásal 9.02
25. An clásal maidir le hAoine an Chéasta atá ina chlásal roghnach a ionsá nó a scríosadh? Ní lá saoire poiblí Aoine an Chéasta. Is ceart an clásal a scríosadh má chinntear nach lá saoire le pá é. Is ceart é a scríosadh chomh maith muna síneann tréimhse an chuspóra shonraithe go hAoine an Chéasta má tá seo ar eolas. Feic clásal 9.06
26. An clásal maidir le dhá lá pribhléide a ionsá nó a scríosadh? Is clásal roghnach é

seo. Feic clásal 9.07

27. An clásal maidir le bheith i dteideal rannpháirteaíocta sa scéim saoire breoiteachta faoi réir an tréimhse phromhaidh a bheith críochnaithe go sásúil a ionsá, (tá ceithre idirshliocht san alt seo), **nó** ina mhalairt de chás an clásal faoin scoil gan a bheith ag oibriú scéim saoire breoiteachta a ionsá? Feic na clásail ailtéarnacha 10.03
28. Clásal 10.04 a scriosadh muna n-oibrítear scéim saoire breoiteachta?
29. Clásal maidir le asleagain shamhraidh/eile má tá seo infheidhmithe a ionsá? Feic clásal 19.01
30. An líon seachtainí d'fhógra a bhíonn le tabhairt ag an bhfostaí a ionsá? Feic clásal 23.01
31. An treorú i ndúch dearg gur cheart an Conradh a shíniú i ndúblach etc. a scriosadh?
32. An treorú san aguisín i ndúch dearg faoi na dualgais san sainchuntas poist teimpléadach gan a bheith ach mar threoir do scoileanna etc a scriosadh?
33. A chinntiú go síníonn an Cathaoirleach agus an Fostaí **araon** an Conradh **i ndúblach**?
34. A chinntiú go bhfuil cóip amháin den chonradh sínithe coinnithe ag an scoil agus cóip amháin tugtha don fhostaí?
35. Má ardaítear ceisteanna dlí maidir le fostaíocht moltar don scoil teagmháil a dhéanamh lena cuid árachóirí chun an t-ábhar a thuairisciú agus chun a fhionnadh má tá údarú ann chun comhairle dlí a fháil.